



Ciorclán 0061/2017

**Chuig: Údaráis Aitheanta Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna,
Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha
agus
Príomhoifigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO)**

**SCÉIM NEAMHLÁITHREACHTA I ndIAIDH IONSAITHE
DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE I mBUNSCOILEANNA
AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA**

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an Scéim Neamhláithreachta i ndiaidh ionsaithe do mhúinteoirí cláraithe i bpost faofa atá maoinithe ag cistí an Oireachtais a chomhlíonadh.

Caithfidh gach fostóir na rialacha agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2017 agus caithfidh gach múinteoir cloí le téarmaí iniata na Scéime don Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe.

Tagann an ciorclán seo in ionad gach ciorclán, meamram, rialacha agus rialúcháin a tháinig cheana faoi Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe do mhúinteoirí cláraithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Bí cinnte le do thoil go gcuirtear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear múinteoirí atá fostaithe agat ar an eolas faoi ábhar an chiorcláin, iad siúd atá as láthair san áireamh.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile - Foireann Oideachais - Sosanna/Saoire – Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe.

Alfie Barrett
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS
01 Meán Fómhair 2017

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla
01 Meán Fómhair 2017

Clár

Sainmhíne	3
1. Réamhrá	4
2. Polasaí na Scoile	4
3. Teidlíocht Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe	5
4. An próiseas iarratais	6
5. Atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC)	6
6. Neamhláithrecht i ndiaidh Ionsaithe a thairfead	6
7. Stádas le linn neamhláithreachta	7
8. Seoladh comhfhreagrais	7
9. Comhlíontacht	7
10. Eolas Breise	7
11. Foirm Iarratais don Neamhláithrecht mar thoradh ar Ionsaí	8

SCÉIM DON NEAMHLÁITHREACHT I nDIAIDH IONSAITHE

Sainmhínte

Ar mhaithe leis an scéim tá na mínte seo a leanas ag na téarmaí thíosluaite ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Ionsaí – is ionann sin agus teagmháil fhisiceach ó thriú páirtí ina dtarlaíonn dochar fisiceach do mhúinteoir le linn don mhúinteoir a bheith i mbun dualgas agus i mbun gníomhaíochtaí scoile faofa.

Fostóir – is ionann sin agus an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail, bunscoileanna pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir do bhunscoileanna (seachas bunscoileanna pobail), iar-bhunscoileanna deonacha, scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Is féidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna nó leis an mBord Bainistíochta/ mBainisteoir na cúrsaí atá san imlitir a tharmligean mar is cuí.

An Córas Éileamh ar Líne (CÉAL) – is ionann sin agus an córas chun neamhláithreachtaí a thairfead agus ionadaíocht a éileamh mar a fheidhmíonn i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna deonacha, pobail agus cuimsitheacha.

Múinteoir – is ionann sin agus duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

An Roinn – is ionann sin agus An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

1. Réamhrá

- 1.1 Faoin scéim seo is féidir neamhláithreacht a bhronnadh ar mhúinteoir nach bhfuil ábalta a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i ngeall ar ghortú fisiceach a d'eascair ó ionsaí a tharla le linn don mhúinteoir a bheith ar dualgas agus i mbun gníomhaíochtaí scoile faofa.
- 1.2 Ní gá go mbainfeadh an eachtra lena bhfuil an t-iarratas neamhláithreachta á dhéanamh faoin scéim seo le haon fhaillí nó le haon ghníomh nó easnamh ag an múinteoir agus ba chóir go mbeifí tar éis cloí le haon nósanna imeachta agus prótacail don tsábháilteacht phearsanta.
- 1.3 Ní hionann neamhláithreacht a cheadú agus dliteanas a admháil thar ceann an fhostóra agus bronntar a leithéid de neamhláithreacht ar bhonn dian gan dochar.
- 1.4 Feidhmeoidh an Scéim don Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse 2 bhliain scoile ag tosú sa scoilbhliain 2017/2018.
- 1.5 Is féidir leis an mBord Bainistíochta/mBOO ionadaí a fhostú mar chlúdach do mhúinteoir don a gceadaítear Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe agus íocfaidh an Roinn/BOO as an ionadaí seo.

2. Polasaí na Scoile

- 2.1 Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) an eagraíocht náisiúnta reachtúil atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chinntiú. Éilíonn Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 go ndéanfaidh an fostóir “sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a chinntiú d’fhostaithe, chomh fada agus atá praiticiúil”. Ba chóir d’fhostaitheoirí iad féin a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí agus na dualgais atá orthu faoi na hAchtanna agus na Rialacha éagsúla agus, go háirithe, na *Treoirlínte ar Bhainistiú Sláinte agus Sábháilteachta i Scoileanna* atá ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSS ag www.hsa.ie.
- 2.2 Ba chóir do Bhoird Bainistíochta polasaí soiléir/ Cód Iompair/ Ráiteas Sábháilteachta a bheith acu ina bhfuil nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm má dhéantar fostaí a ionsaí. Ba chóir go mbeadh siad seo mar chuid de na nósanna imeachta:
 - (i) cóir leighis a éileamh, más gá.
 - (ii) eachtraí a chur in iúl láithreach don Bhord Bainistíochta.
 - (iii) eachtraí a thairfead i dTuairiscleabhar Teagmhas.
 - (iv) eachtra a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
 - (v) tuairisciú do na Gardaí, más gá.
 - (vi) a dheimhniú go mbíonn gach cosc cuí i bhfeidhm chun gach duine atá i mbaol a chosaint agus chun ionsaí eile a stop, chomh fada agus is féidir

3. Teidlíocht Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe

3.1 Ní cháilíonn ach neamhláithreachtaí a bhfuil teastas dochtúra i leith gortú fisiceach ag dul leo don neamhláithreacht faoin scéim seo.

Ionas go nglacfar leis, caithfidh teastas dochtúra

- a bheith sínithe ag dochtúir cáilithe atá cláraithe le Comhairle Dochtúirí Leighis/Fiaclóireachta na hÉireann/na Breataine, agus
- tréimhse nach mó na seachtain a chlúdadh de ghnáth Is féidir, áfach, teastais do thréimhsí chomh fada le mí a cheadú faoi dhiscreid an fhostóra, agus
- feidhmiúlacht chun oibre, nó a mhalairt, a dheimhniú.

3.2 Is í uasmhéid na Neamhláithreachta atá ceadaithe faoin Scéim i ndiaidh Ionsaithe ná 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán i dtréimhse rollach 4 bliana. I gcásanna eisceachtúla, mar shampla má bhíonn gá le tréimhse shuntasach san ospidéal nó i gcás nuair a tharlaíonn an dara ionsaí nó ionsaithe leantacha, is féidir tréimhse a chur leis an neamhláithreacht go tréimhse eile nach mbeidh níos faide ná 3 mhí (91 lá) ar lánphá, agus é seo faoi réir ag tréimhse iomlán 6 mhí (183 lá) ar lánphá i dtréimhse rollach 4 ceithre bliana. Pléifear le haon neamhláithreacht a leanann faoin scéim Saoire Breoiteachta.

3.3 Clúdaíonn Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe deiridh seachtaine, laethanta ar a mbíonn an scoil dúnta agus laethanta nuair nach mbíonn an múinteoir ar an gclártráth le bheith i láthair, a tharlaíonn le linn na tréimhse neamhláithreachta.

3.4 Nuair a bhíonn teidlíocht an mhúinteora á áireamh, cuirfear san áireamh, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoin scéim seo, aon Neamhláithreacht Ionsaithe/ Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe a ceadaiódh sa tréimhse ceithre bliana ón neamhláithreacht reatha.

3.5 Tagann deireadh leis an Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe:

- nuair a thagann deireadh leis an teastas ó dhochtúr cáilithe faoin ionsaí fisiceach; nó
- nuair a bhíonn uasmhéid na tréimhse neamhláithreachta a cheadaíonn an scéim curtha i gcrích; nó
- nuair a bhíonn teastas don fheidhmiúlacht chun oibre faighte.

3.6 Is féidir le múinteoir a bhfuil uasmhéid na tréimhse neamhláithreachta ar lánphá úsáidte aige/aici faoin Scéim Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe, agus atá fós neamhábailte de réir míochaine dul ar ais ar dualgas, leas a bhaint as an Neamhláithreacht faoin Scéim Bhreoiteachta, faoi ghnáthrialacha na scéime sin.

3.7 Conradh fostaíochta do théarma sheasta/d'fheidhm sheasta: Críochnóidh teidlíocht an mhúinteora do Thréimhse Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe nuair a thagann deireadh leis an gconradh agus nach ndéantar an conradh sin a athnuachan.

4. An Próiseas Iarratais

- 4.1 Ionas gur féidir neamhláithreacht a chlárú mar Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe, caithfidh an múinteoir atá i gceist agus an fostóir (nó, do scoileanna BOO, an príomhoide) an Fhoirm Iarratais (atá in Aguisín A) a chomhlánú agus caithfidh an fostóir an fhoirm chomhlánaithe a chur chuig an ROS/BOO laistigh de sheachtain ón uair a tharlaíonn an eachtra. Nuair a tharlaíonn i gcúinsí eisceachtúla nach mbíonn ar chumas an mhúinteora a c(h)uid den fhoirm iarratais a chomhlánú laistigh de sheachtain ó thréimhse na heachtra i ngeall ar éagumas fisiceach, is féidir leis an bhfostóir síneadh a chur leis an dtréimhse seo – má tharlaíonn a leithéid is cóir iarratas a chur chuig an ROS/BOO laistigh de thréimhse réasúnta ama.
- 4.2 Caithfidh an Fhoirm Iarratais na mionsonraí a bhaineann leis an eachtra a thuairisciú agus is gá cóipeanna den doiciméad tuairiscithe a chur isteach leis an bhfoirm.

5. Atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC)

- 5.1 Déanfar neamhláithreachtaí faoin scéim seo a áireamh in éineacht le tréimhsí Breoiteachta a tharla cheana don atreorú neamhlánroghnach chuig an SSC faoin ‘riail 28 lá’ mar atá faoin Scéim Neamhláithreachta do mhúinteoirí.
- 5.2 Feidhmeoidh Gnáthnósanna Imeachta na SSC, ar a n-áirítear iad siúd a bhaineann le hatreorú le feidhmiúlacht fillte chun oibre.

6. Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe a thaifead

6.1.0 Múinteoirí a bhíonn á íoc ag an ROS

- 6.1.1 Don tréimhse lena mbaineann an scéim phiolótach, cuirfear tús na Tréimhse Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe ar CÉAL na Roinne, nuair a thagann an fhoirm lán-chomhlánaithe dá leithéid do neamhláithreacht isteach ón bhfostóir. Caithfidh an fostóir aon neamhláithreacht a leanann faoin scéim seo a chur isteach ar chóras CÉAL tar éis teastas dochtúireachta cuí a fháil agus ar feadh uasthréimhse 3 mhí (92 lá).
- 6.1.2 I gcúinsí eisceachtúla, má bhíonn gá le síneadh ama breise, caithfidh an fostóir foirm iarratais a chur chuig an Roinn ar a mbeidh tuairisc ar na cúiseanna a bhaineann le síneadh dá leithéid. Cuirfidh an Roinn an tréimhse neamhláithreachta sínithe seo ar an CÉAL. Is féidir leis an bhfostóir ansin síneadh breise a chur leis an tréimhse neamhláithreachta, ach teastas dochtúireachta cuí a bheith faighte agus é seo faoi réir ag uasmhéid 91 lá. Tá Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe faoi réir ag uasthréimhse 6 mhí (183 lá) i dtréimhse rollach 4 bliana.

6.2.0 Múinteoirí a bhíonn á íoc ag an mBOO

- 6.2.1 Don tréimhse lena mbaineann an scéim phiolótach, déanfaidh an Scoil/Roinn na nAcmhainní Daonna Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe a chlárú ar dtús ar an gcóras BOO nuair a thagann an Fhoirm Iarratais lán-chomhlánaithe dá leithéid do neamhláithreacht isteach. Caithfidh an fostóir aon neamhláithreacht a leanann faoin

scéim seo a chuir isteach ar chóras an BOO tar éis teastas dochtúireachta cuí a fháil agus ar feadh uathréimhse 3 mhí (92 lá).

- 6.1.2 I gcúinsí eisceachtúla, má bhíonn gá le síneadh ama breise, caithfidh an scoil iarratas a chur chuig an bPríomhfheidhmeannach ar a mbeidh tuairisc ar na cúiseanna a bhaineann le síneadh dá leithéid. Cuirfidh an Scoil/Roinn na nAcmhainní Daonna an neamhláithreacht sínithe ar an gcóras BOO. Is féidir leis an bhfostóir ansin síneadh breise a chur leis an dtréimhse neamhláithreachta, ach teastas dochtúireachta cuí a bheith faighte agus é seo faoi réir ag uasmhéid 91 lá. Tá Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe faoi réir ag uathréimhse 6 mhí (183 lá) i dtréimhse rollach 4 bliana

7 Stádas le linn neamhláithreachta

- 7.1 Ní chuirfidh aon neamhláithreachtaí a chláraítear mar Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe isteach ar an dtaifead neamhláithreachta.
- 7.2 Is féidir aon neamhláithreachtaí faoin scéim seo a áireamh don uile ghnó ar a n-áirítear sinsearach, cearta painéil a dheimhniú srl.

8 Seoladh don Chomhfhreagras

- 8.1 Cuirfidh an fostóir gach comhfhreagras is gá chuig an múinteoir ag an seoladh is déanaí a bhí tugtha ag an múinteoir agus ní bheidh aon locht ar an bhfostóir má tharlaíonn nach bhfaigheann an múinteoir a leithéid de chomhfhreagras.

9 Comhlíontacht

- 9.1 Caithfidh gach múinteoir/fostóir cloí leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá sa chiorclán seo. Pléifear le haon easnamh maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a chomhlíonadh faoi na nósanna imeachta araíonachta atá aontaithe agus d'fhéadfadh go gcuirfí stop le tuarastal i gcás an mhúinteora agus/nó go dtarraingeofaí siar ar chlúdach ionadaíochta i gcás na scoile.
- 9.2 Caithfidh an fostóir gach doiciméad a bhaineann le Neamhláithreacht i ndiaidh Ionsaithe a choimeád leis na taifid phearsanta ábhartha ar feadh 10 mbliana. D'fhéadfadh go roghnódh oifigigh na Roinne na taifid seo don iniúchadh. Ba chóir do na taifid uile a bheith de réir bhunachar sonraí CÉAL/córas BOO cuí.

10 Eolas Breise

- 10.1 Mar atá san alt tosaigh, caithfidh an fostóir rialacha an chiorcláin seo a chur i bhfeidhm. Ba chóir aon cheisteanna a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús agus is féidir leis an bhfostóir dul i gcomhairle leis an eagraíocht ionadaíoch, nó b'fhéidir ina dhiaidh sin go mbeidh dul i gcomhairle leis an Roinn ag an seoladh seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Le comhlánú agus le síniú ag an bhFostóir

Tréimhse Neamhláithreachta i ndiaidh Ionsaithe: Ó _____ go _____.

Deimhním (*cuir tic de réir mar a oireann*):

- go bhfuil teastas dochtúra faighte agam don tréimhse neamhláithreachta thuasluaite de réir na scéime mar atá i gCiorclán 0061/2017.
- go bhfuil an eachtra cláráithe sa Tuairiscleabhar Teagmhas.
(*cóip den taifead le ceangal anseo*)
- go bhfuil an eachtra curtha in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
(*cóipeanna de chomhfhreagras ábhartha le ceangal anseo*)
- gur tuairiscíodh an eachtra, más cuí, don Gharda Siochána.
(*cóipeanna de chomhfhreagras ábhartha le ceangal anseo*), **NÓ**
- nár mothaíodh gur gá an eachtra seo a thuairisciú don Gharda Siochána,.
- go bhfuil gach cosaint chúí curtha i bhfeidhm chun daoine atá i mbaol a chosaint, agus chun cosc a chur ar aon ionsaí eile, chomh fada agus is féidir

Deimhním, a bhfuil mo shíniú thíos, go bhfuil an ciorclán seo léite agam, go bhfuil an t-eolas ar an bhfoirm fíor, cruinn agus iomlán agus go bhfuil an tréimhse neamhláithreachta lena mbaineann an t-iarratas de réir théarmaí an chiorcláin.

Síniú: _____
(*Príomhoide/Cathaoirleach, thar ceann an Fhostóra*)

Dáta: _____

Ainm iomlán agus seoladh na scoile: _____

Seoladh ríomhphoist: _____ Uimhir ghutháin: _____

Fógra maidir le Cosaint Sonraí

Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chláru na Roinne leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (CCS) - Tag 10764/A.

Má tá an fhaisnéis a chuir tú ar fáil le húsáid chun críche seachas iad siúd atá leagtha amach ar chláru na Roinne leis an CCS lorgófar do chead.